1. Sın é an úḋálta ag an nGaoḋluınn. 2. Ir fada ſıar é ıarrma an droċ-ḃırt. 3. D'ḟıafruıġ ſé ḋe cad air go raıḃ ſé ag cuıṁneaṁ. 4. Fágaım le h-uaḋaċt, a Ṡéamaır, gur ar mo ḃéal a ḃaınır é. 5. Dubaırt ſé leo ná raıḃ Seaġán ċoṁ mór gan ſıor a ġnóṫa ſéın agur a ſıleadar. 6. Ar ṁırde leat-ſa ſan-aṁaınt annro tamaıllín eıle? 7. Dá mb'é do ṫoıl é, o'oırfeaḋ dom beagán caınnt 'ḋéanaṁ leat.

B.

B'éıgın an dlıġe ſın a ḋeırıuġaḋ ı n-a lán de ſlıġṫıḃ ó ſoın, aċ mar ſın ſéın b'é tornuġaḋ na deaġ-oıbre é, agur ır é an ċloċ ḃuın é ar ar tógaḋ a ḃfuıl déanta ó ſoın. Tugaḋ coṁaċt do ſna coṁaırlíḃ ceanntaır an trraıṫ a ċur ı n-urraıḋeaċt go nıolraí ṫar n-aır pé aırgead do ṫógraí ar ıaraċt, agur ḃí ceart aca an t-aırgead a ſaġáıl pé áıt a ḃfuıġıdír raor é. Bí ſé de ċeart ag Cırte Ṡarana an t-aırgead a ṫaḃaırt dóıḃ ar pé gaımbín ba ṁaıṫ leır an gCırte d'éıleaṁ. Ní ġáḃaḋ dom a ſıáḋ gurıab é ár gcuıd

féin airgid bíodar do ṫabairt dúinn ar ġaimbín! Is aṁlaiḋ bí, is aṁlaiḋ tá, agus is aṁlaiḋ beiḋ go fóill.

Aċ bíoḋ foin mar atá, i dtorać bára do ṫug luċt an Ċirte uaṫa an t-airgead go cionn deiċ mbliaḋan ficead ar trí púint coróin fa ċéad, go cionn daṫad bliaḋan ar trí púint deiċ fa ċéad, agus go cionn deiċ mbliandá is daṫad ar trí púint cúig déag fa ċéad. An luċt comairle a ṫógaḋ airgead, ċaiṫidís an oiread foin fa mbliaḋain do ḋíol ṫar n-air [d'aireag] agus beaḋ an bun-airgead agus an gaimbín díolta aca i n-a oiread foin aimsire. Mar ḟoluid air sin: ceiṫre púint, ré déag agus naol fa mbliaḋain a ḋíol ar fear daṫad bliaḋan, agus beaḋ céad púnt bun-airgead agus trí púint coróin fa mbliaḋain gaimbín díolta. D'aṫruiġ an Cirte an gaimbín ó am go h-am de réir mar a bí an t-airgead.

Páraig Mac Suibne.

64.

A.

1. An rud a beaṫuiġeann duine 'ré marbuiġeann duine. 2. Is beag ag an gcaoirġ an fuaċt. 3. Tá sé ċoṁ maiṫ aige fanaṁaint go dtí amáireaċ. 4. Ní leis atá éinne d'á ċlainn ag dul. 5. Ní ḟeadar an orm féin nó ar ḟear an tige téiġeann an ċéad scéal. 6. Níor ḃris focal maiṫ fiaċail riaṁ. 7. Cad é seo mar scéal anois.

B.

Má ḟuiliġeann an dige do ċuid de sna daoinib an iomarca tailiṁ do beiṫ aca ⁊ tuilleaḋ ar an gcaol-ċuid, is dige ain-ċeart í. Seo díreaċ mar tá talaṁ

na h-Éireann ionnta air a ḟon fóin. Tá na h-aciaí duba de, breac-díomaoin i feilb an beagáin; mór-ċuid daoine gan fód aca ⁊ tuilleaḋ aca teanntuiġte, pulcaiġte le ċéile mar a béaḋ coiníní ar ṫaob na gcnoc. Ní ráiméir an ċainnt seo. Sa ċeanntar atá timċeall Ċaṫair na mBarc i gCo. Maiġe Eo tá 30,41 feirmeoirí ⁊ níor luġa ná luaċ ceiṫre brúnt de ṫalaṁ ag gaċ duine aca; ⁊ i bríor-aṫċuimireaċt dóib seo—go deiṁin ar an dtaob eile de'n gclaide—tá 160,000 acra i feilb 80 duine! Mar adeir scríbneoir Sarannaiġ, 'a ṫagairt do'n ball so: "Peacaḋ i n-aġaiḋ dliġe Dé ir eaḋ an leaṫċumaig seo."

Nuair a beiḋ ceirt na talṁan fé ċonspóid, baḋ ċóir do sna h-Éireannaiġ beiṫ ar a n-iongain féin ċun deireaḋ do ċur leis an éagcóir seo. Má ḟágtar an riarruġaḋ fé Ṡarannaċaib níl aṁras ná go ndéanfaiḋ siad botún de. Gaċ uair a ċuireadar roime seo ċun ceirt dá raġar do réiḋteaċ, níor ṫáinig leo aċ í 'lot. Bíonn súil gaċ bioránaiġ díob so dall tré neaṁ-eolas orainn ⁊ ar ár nóraib ⁊ an trúil eile caoċ ag faḃar ⁊ ag báiḋ ⁊ brieb.

Gruagaċ an Tobair.

65.

A.

1. Bí snóḋ na dearca air. 2. Tá an bairille ag leigint uaiḋ. 3. Bí an dorar daingean ó'n dtaob istiġ i dtreo nár ḟéadadar dul isteaċ. 4. Sin é ḋall mé ⁊ daoine náċ mé. 5. Tagann sein cnorta ar na daoinib. 6. Is minic sein mar ḟoirt agat. 7. I ndiaiḋ a ċéile deinteas na cairleáin.

B.

Ċoṁ luaṫ agus ḃíodar imṫiġṫe ċun siubail, ċuir sé an cnoc amaċ de. Ḃí faill áiro ar an dtaoḃ ṫuaiḋ de'n ċnoc. Faill na ḃFiaċ a tugtaí mar ainm uirṫi. Ċuaiḋ sé agus ḟuiḋ sé ar ṁullaċ na faille sin. Ḃí sé ag féaċaint uaiḋ síos ar na carraigeaċaiḃ brirte a ḃí ṫíos ag bun na faille agus ḃí sé ag cuiṁneaṁ 'na aigne cad é an brireaḋ a ġeaḃaḋ cnáṁa duine dá gcaiṫtí le fánaiġ é. D'ḟág sé an áit sin ⁊ d'imṫiġ sé an cnoc siar go dtí go raiḃ sé ar ḃarra cnuic eile a ḃí ar an dtaoḃ ṫiar de'n ġleann. Ċuaiḋ sé isteaċ i bpluais sa ċnoc san. Leabaḋ Diarmuda ainm na pluaise. Ḃí pluais eile ar aġaiḋ na pluaise sin anonn gur ḃ'ainm dí Leabaḋ Gráinne. D'ḟan sé sa ṗluais ar feaḋ taṁaill ṁaiṫ, ag cuiṁneaṁ ar ar airiġ sé riaṁ de scéaltaiḃ breáġṫa Fiannuiġeaċta, ar Diarmuid agus ar Gráinne, agus ar Ḟionn agus ar an ḃFéinn, agus ar a ngnóṫaiḃ go léir. Nuair a ḃí tuitim na h-oiḋċe ann d'ḟill sé ċun na pláróige agus do luiġ sé innti. Ḃí an aimsir tirim ⁊ an spéir glan. Ḃí an cúnlaċ go breáġ tirim teiṫ mar a ḃí an ġrian ag taiṫneaṁ ar an bpláróig i gcaiṫeaṁ an lae. Ḃí aġaiḋ na pláróige ó ḋeas, i dtreo go raiḃ soiṫin innti ó sé leoiṫne beag gaoiṫe a ḃí ann, mar is adtuaiḋ ḃí an ġaoṫ. Ḃí sé sínte sa ṗláróig ag éisteaċt le cogarnaċ agus le h-anál na gaoiṫe laige tríd an ḃfraoċ 'na ṫimċeall ⁊ gan aon ṗioc de'n ġaoiṫ ag teaċt air féin. Ó'n suaṫaḋ a ṫug sé ḋo féin ag siubal an ċnuic ⁊ ó ḃroṫal an ċúnlaiġ, ⁊ ó'n seoṫó úd na gaoiṫe tríd an ḃfraoċ, ba ġeasr go raiḃ an fear boċt 'na ċodlaḋ go ráṁ.

An t-Aṫair Peadar.

66.

A.

1. Nílim ag cur leis an scéal, ach is mó atáim ag baint uaidh. 2. Ní raibh d'uain aige cuimhneamh ar cad ba ceart do a dhéanamh. 3. Bí aithne agam air agus gan ann ach garsún. 4. Ná luaidh aríst a ainm fé'm chomhair. Méisleach 'na chroidhe istigh 'seadh é. 5. Cuirfead-sa d'fhiachaibh (iachall) orthu. 'Fiachaibh,' ('iachall') ní h-áil liom an focal. 6. D'fhreagras ceana le scribhinn do ceist. 7. Ná tóg orm é má dheinim dánaidheacht orthu, ní dóigh liom go bhfuil an scéal sa ceart agat.

B.

Féach an sheanghán úd ag dul ó shaoi go saoi agus an chleith mhór atá ag fás suas ó chenn na shuailleach. Nuair ná bíonn an chleith úd i gcoinnibh an tsheanghán sadhann an cóiste. Anois, dubairt fear liom-sa go bhfuil teine mhór tamall ó'n tsháidh, go gcuireann an teine seo uisge ar fhiuchaigh, agus, nuair a bíonn an t-uisge ag cur a fhúla amach le neart teine, cuireann sé rotha mór ag caradh agus is ó charadh an rotha so a thagann an neart thríd na sheanghán agus thríd an chleith síos go dtí rothaí na shuailleach. Táim eaglach ná béarfaidh an scéal liom ró-chruinn. Ní thuigim é i gceart. Is baoghlach nách ort-sa amháin a theireann sé an scéal a thuigfinn i gceart. Ach pé slighe a fhiubhlann sé, sitheann an neart thríd na sheanghán. Tabair fé ndeara an roithín ar cheann na cleithe. An fhaid is bíonn sí i gcoinnibh an tsheanghán ní fheiceann tú dadamh; ach má sgaraiann siad ó chéile aon nóimint amháin feicfir sflannc beag lasrach ag teacht eatorthu.

ar ball, nuair a beam ag siubal na sráide, fair na hoṫaí ⁊ má ṫagann méaróigín cloiċe fúṫa, nó siú gráinne beag gainṁe, bainfear teine ċrearra amaċ as na ṡálaċaiḃ.

Beirt Ḟear.

67.

A.

1. Dá mb'áil leat a innsint do, beinn buiḋeaċ díot. 2. Sar a raiḃ am aige ar ḟreagra 'ṫaḃairt orṫa, do ṁiṫ teaċtaire irteaċ ⁊ faoṫar air. 3. Bí an carráirte fúinn féin ó Ċúl an tSúdaire go Port Laoiġre. 4. Ná dearṁaid an carraḃat gorm a ċur féd' ṁuineál. 5. Ag laḃairt fa ċeart, is dóċa ná fuil éinníḋ ċúiċi agam. 6. Is geall go moṫóċaiḋ sé earnaṁ an ċapaill ⁊ tiocfaiḋ sé 'á ċuardaċ. 7. Bí trí fiċid duine iarṡiṫa.

B.

Ní mar a ċéile cuirpíní fola gaċ uile ainṁide; cé go mbíonn cuirpíní na fola daonna ċoṁ cruinn le piġinn, bíonn cuirpíní fola an éisg ⁊ na n-éanláiṫ ar nós uiḃe circe. Is furusta aiṫint mar sin cé aca fuil duine nó fuil sicín ḟaġar na síoṫ-ṁaoir ar ċóta duine ḃoiċt do ġaḃaḋ ar uċt duine do ṁarḃaḋ; ní féidir an mionduracán do ṁeallaḋ.

Do ġeiḃṫear cuirpíní eile fa ḃfuil a dtugtar "cuirpíní geala" orṫa, aċt is annaṁ do ċíreá iad mar naċ ḃfuil siad leaṫ ċoṁ fairsing leis na cuirpíníḃ dearga. Is ait ar fad na cuirpíní iad, mar ḃeaḋ bráonta glóṫaiġe ag ráṫaċ amaċ aḋaisc ar nós seilmide, ⁊ ag snáṁġail go mall séiḋ leisgeaṁail fa

lionn fola. Níl a ḟior fa gceart goidé'n gníoṁ atá leat, acht deir daoine áirithe go mbeirfeann fiad ar bacaillíniḃ ⁊ ar ṁionṁacaiḃ éagsamla tigear ifteach fa ċorp ⁊ go slugann iad, ⁊ má's fíor é sin is geanamail macánta na feiṫiṡíní iad, ⁊ baḋ ċóir do'n ċineaḋ daonna beiṫ buiḋeaċ ḋíoḃ.

Conall Ceárnaċ.

68.

A.

1. Tá an fáġaltas ar bfeis aige—cuid de ṫall ⁊ cuid de i bfus. 2. Do ṁiṫ sé ċoṁ tapaiḋ is bí 'na ċoraiḃ, aċ bí sé fánaċ aige. 3. D'iarrfas air dul i n-áirde sraiġse, féaċaint an fabadar ann. 4. I gcionn tamaill, do ċuaiḋ ciuineas mór ar an bfoṫraṁ. 5. Leig uair an ċluig ar a laiġead ṫarṫ ⁊ annsoin tair im ċoinniḃ. 6. Is 'mó áise bí i n-earbaḋ orainn. 7. Do cuireaḋ na trí buirdo as a ċéile. 8. Tagann an gúna dearg di.

B.

Aċ níor ḟanadar Caitliciġe na hÉireann gan feisṫ a ḋéanaṁ ċun oideaċas oireaṁnaċ a ḟoláṫar d'á gcloinn. Bí ag dul de ġéireaċt an ċam-ḋliġe, agus ṁeasadar gur ṁiṫid cur suas de sna scoileannaiḃ coir claiḋe. I mbliaḋain a 1762 do ṁugaḋ Éamonn Ris, i gCallainn i gConntae Ċill Ċoinne, Do tugaḋ suas go maiṫ é, agus bí sé ṁiaṁ deaġ-iomċuir cráiḃṫeaċ. Ċuaiḋ sé ag foġluim ceannuiḋeaċta i dtiġ oncail dó go raiḃ siosa mór aige i bPort-Láirge. Ba ċruaġ le h-Éamonn na ġarrúin do ċonnaic sé ar gaċ taob is iad ag éirġe suas 'na bfeasraiḃ gan léiġeann

nó oideacar. Bí riopa aige féin an uair seo, ać do ġoill cár an aora óig ċoṁ mór roin air gur ḋíol sé an riopa, agur gur orcail scoil 'na gcóir. Níor éirig leis go ró-ṁaiṫ ar dtúis, ać i mbliaḋain a 1802, le neart cruaḋ-ṡaoṫair, is d'aon-toil Earpuig Ṗortláirge bí tig breáġ scoile tógṫa aige, agus é féin is roinnt ċompánaċ sé ġeall a saoġal a ṫaḃairt ag teagasc na n-óg. Sin mar do cuireaḋ ar bun Oird na mBráṫar gCríostaṁail. Tamall roiṁe sin do ċuir Eilionóir De Nógla ar bun Ord ban Riaġalta na Toirbirte. Ba ġearr gur éirig Uird eile, d'ṡeasaiḃ is de ṁnáiḃ naoṁṫa i gcongnaṁ dóiḃ siúd. Nuair a ċonnaic an Gobarminc sin do ṁeasadar nár ṁirte ḋóiḃ féin siúd éigin a ḋéanaṁ, agus i mbliaḋain a 1831 ṫug an Tiġearna Stáinle ḋúinn an "Bórd Náisiúnta."

Tórna.

69.

A.

1. Ní h-é an ċéad uair aige é. 2. Ar ġráḋ Dé is ná taḃair náire ḋearg dom or coṁair an ṗobail. 3. Ba ṁaiṫ uait cuiṁneaṁ orm. 4. Ní tura beiḋ siar leo. 5. Ní raiḃ uḃ slán 'na mearc. 6. Do ḃris ar an ḃroiḋne aige, 7 do ḃris sé iad go léir. 7. Ḋein sé é mar olc ort.

B.

Do cuireaḋ Connraḋ na Gaeḋilge ar bun, mar adearfá a h-aondéag nú a dóḋéag de ḃliaḋantaiḃ ó ṡin. An raiḃ aon láṁ ó ṫosaċ 'san ngnó ag muinntir na h-Aimeriocá nú ag muinntir na

Fhrainnce, nú ag aon dream daoine ar dhruim an domhain? An raibh airgead go fairsing ag an aicme do chuir ar bun é? Is beag má tá éinne i nÉirinn ná ḟéadfaidh na ceisteanna sin do fhoclaigh, agus dá bhríg sin ní gáidh dhóibhsa fhreagra do thabhairt uaim orthu. Tá'r again go léir ná fuil d'fhreagra orthu ach, nuair dhírigh Luchd an Chonartha ar an nGaeluinn do charadh tar n-air agus d'aithbeochaint, ná raibh de chabair ná de chongnamh aca chuige ach flosg agus fagh-airt chun na h-oibre, meisneach agus sprid agus éirim aigne, agus go mór-mór mainghín tar na bearthaibh a Dia agus arta féin. Ar éirigh leo? D'éirigh leo go h-áluinn agus go h-iongantach agus é sin gan aon chabair, geall leis, d'fhagháil ó'n bhfear thall. Adhmuighim nídh nách iongnadh, go bhfuairfeadar congnamh ar ball uaidh—a lán de, ach bí an Connradh saor ó ghuair an uair sin. Tá réim an Chonartha ag dul i leithe agus i leathad agus i neartmhaire ruamh ó shin, agus i n-ineadh dul i bhfanntair do'n sprid is amhlaidh mar atá ag neartughadh uirthi le h-aimsir. Agus tá a rian air. Táid na daoine ins an uile phárt de'n tír ag cromadh anois ar an nGaoluinn d'fhoghluim agus í 'chur d'á labhairt arís ó cheann ceann d'Éirinn (na h-Éireann).

Liagán Luaimneach.

70.

A.

1. D'fhill sé i bpáirpéar ruadh é. 2. Ní lugha air éinnídh eile ná éinne 'á ráidh sin leis. 3. Bí an bord láir cruinn; an dá bord eile ceathair-chúinneach. 4. Tá deallramh leo scéal. 5. Do rug sé ar an gceannrach

a bí ar cnoċaḋ i dtaoḃ ṫiar de'n ndorar, do ċuir sé leis an gcapall é ⁊ do ṗreab ar a ḋrom. 6. Iompuiġ i leiṫ ċun an troluis go bḟeiceaḋ i gceart é. 7. Dá ṁoiṫe (luaiṫe) sa ló é nuair ḟroisear an droiċead bí an tsúil eile ann romham.

B.

Ní ḟior-náisiúnaċt ceist na talṁan aṁáin, ní ḟior-náisiúnaċt ḟeaḃuġaḋ déantannas na tíre ann féin aṁáin aċ ċóṁ beag leis; cé gur obair náisiúnaċ gaċ gnó aca gan aṁras. Ní mór dúinn é seo do ċoimeád os coṁair ár n-aigneaḋ i gcoṁnuiḋe. Is ró-annaṁ ḟiaḟruiġimíd dinn féin cad í an ḃríġ atá le ḟior-náisiúnaċt. Dá gcuirfimís an ceist seo níos minicíḋe ċuġainn féin, is líoṁṫa, is faisfinge agus is glaine go mór beaḋ ár n-intinne ná mar atáid; ċífeaḋ an feisire níos soiléire ná mar ċíonn go bḟuil ruḋaí luaċṁara eile i n-Éirinn seoċas an talaṁ, ṫuigfeaḋ an Gaeḋilgeoir an géar-gáḃaḋ atá le tsoiḋ ar son na talṁan, ṫuigfeaḋ fear na ndéantús taisḃe oibre an ḟeisire agus an Ġaeḋilgeora, agus ṫaḃarfaḋ sé caḃair dóiḃ do réir a ċumais; agus dá mbeaḋ níos mó báiḋ aca le n-a ċéile, is mó meas beaḋ aca go léir ar Ċumann na nGaeḋeal agus a ḋóċas, is mó ionntaoiḃ do beaḋ aca as, mar gur mó imṡníoṁ beaḋ ar gaċ dream aca iad féin do scaoileaḋ ó Ṡasana go síor. Ar an tsliġe seo beaḋ daoine áirġṫe ag gaḃáilt d'obair áirġṫe do réir a n-oireaṁnaċta, agus na daoine go léir ag ċoṁ-oibriuġaḋ go duṫraċtaċ go cneasta agus go saṙṫannaċ ar son saoirseaċta na tíre uile.

Seán Ó Ceallaiġ

PART II.

71.

Ċuaḋar ar ċuairt ċun tiġe mo ṡean-aṫar, ḋé Saṫairn seo ċuaiḋ ṫoraiṁ. Tá sé 'na ċoṁnuiḋe sa ḋtuaiṫ i n-aice baile ḃig. Ṫugar (ċaiṫear) an lá ins na gorṫaiḃ ag ṡéaċaint ar na ṡearaiḃ [ꞅ iad] ag obair. Ag teaċt aḃaile ḋom (nuair ḃíos, ꞅrl.) ṡtadar ag an gceardoċain ꞅ ḃíos ag cainnt leis an ngaḃa. Tomás Ó Briain is ainm do. Ṡeas móir láidir 'seaḋ é. An ṡaid a ḃíos (ꞅ mé) ag an gceardoċain, ċonnac é [ꞅ é] ag cur cruiḋ ṡé ċapall le h-Aoḋ Ó Dálaiġ ꞅ ag cur iarainn ar roṫ.

72.

Nuair a ḃí Aoḋ ag teaċt aḃaile (Ag teaċt d'Aoḋ) ó'n dtobar ċonnaic sé gaḋar is cat ag súgraḋ (imirt) le n-a ċéile sa ṗáirc. Do rit sé aḃaile ꞅ d'ḟág sé an t-uisce ar an urlár. Annsoin ċuaiḋ sé amaċ sa ġáirdín ag triall ar a ṁáṫair (sé ḋéin a ṁáṫar). "A ṁáṫair," ar seisean. "Ṡéaċ! (an) ḃreacaiṡ gaḋar ag súgraḋ (imirt) le cat riaṁ roimis seo?" "Ċonnac, go minic," ars a ṁáṫair. "Ḃí cat agam ṡéin a ḃíoḋ ag súgraḋ leis na coiníniḃ. Aċ is fad [de ḃliaḋanta ḃ] ó ṡoin anois é."

73.

Is maiṫ is cuiṁin liom sinn araon ag dul ar scoil, lá. Mar ba ġnáṫaċ linn, ní raiḃ ár gceaċta [go] ró-ṁaiṫ againn. Ċonnacamar na ṡiagaiḋe ꞅ na

gaḋair ag gabáil ċuġainn ⁊ ríúd ċun ríubail rinn 'na noiaiḋ. Do buaileadar irteaċ go Cnoc na Gráraiġe ⁊ níorb' ḟada ḋóiḃ ann nuair d'éirigh gionnfhiaḋ rompa amaċ. Amaċ go bráṫ leo ⁊ rinn-ne 'na noiaiḋ. Níor ḃraiṫeamar cá raḃamar gur buaileamar páirc Míċíl Uí Ḃroin.

Beirt Ḟear.

74.

Ḃí Úna, lá earraiġ, ra ṁóinḟéar ṫíor coir na h-aḃann. Ḃí an lá [go] geal ⁊ ċonnaic rí breac [breac] ran uirce. "Ba ṁaiṫ liom an breac úd a ṫaḃairt aḃaile liom," arr' Úna léi féin. Aċ nuair a ċrom rí ríor ċun beirṫe (breiṫ(e)) air ṫuit rí irteaċ ran uirce. Ḃí fear ag obair ra ṗáirc (ar an) dtaoḃ ṫall de'n aḃainn ⁊ nuair a ċonnaic sé Úna ag tuitim, do léim sé irteaċ ⁊ do ḟaor (ḟáḃáil) sé í.

75.

Nuair a ṫáinig an tráṫnóna, ⁊ an ġrian ag dul ḟé, d'áidiġ Míċeál (leir) an cliaḃ ar a ḋrom, ⁊ ríor leis an bóiṫrín. Ḃí an t-ualaċ trom, aċ má ḃí féin, ní raiḃ Míċeál i ḃfad ċun gur ḃain sé amaċ an bóṫar. Síor leis an bóṫar mór. Is ar éigin a ḃí sé ag cúinne ġuirt an Dubġallaiġ, nuair a ċualaiḋ sé an trucail ag teaċt ċuige (aniar). Ṡíl sé gurb' í trucail Sriaḃna a ḃí ann, ⁊ do lean sé air tamaillín eile. Do stad sé go h-obann ⁊ ċuir sé cluair [le h-éirteaċt] air féin. D'aiṫin sé cnag na trucaileaċ ⁊ an capaillín ag fodar go focair fuaiṁnearaċ.

Beirt Ḟear.

76.

Bí flaiṫ i n-Éirinn fad ó gurb' ainm do (darb' ainm) Lir. Nuair a fuair Aodh, a bain-ċéile, bás, do ṡór sé a deirbhṡiúr, Aoife. Aċ ba ġearr gur ġabh éad í mar ġeall ar an gcion a bí ag á fear ar Ḟionnġualainn ⁊ ar a triúr dearbhráṫar, clann a a dearbhṡéaṫar. D'á bhríġ sin do bhuail sí iad le flait dhaoidheaċta ⁊ iad ag snáṁ i Loċ Dairbhreaċ i n-Iar-Mhíde ⁊ do ḋein sí ceiṫre h-ealaí bhreáġṫa bána ḋíobh.

77.

Do ċomáineadar leo, an beirt, le coir a ċéile, go dtí gur ṫángadar go dtí an áit go raibh an gallán leagṫa. Do bí mórán de sna licíní(b) san áit go raibh sé 'na ṡeasaṁ. Do bailiġeadar suas an méid ṡéadadar 'ṡeicsint díobh, ⁊ do ṫugadar abhaile iad. Do bí seana-ċoṁra irtiġ sa tiġ aca—⁊ ní raibh puinn eile thorcáin ann—⁊ d'orcluiġeadar (orcladar) an ċoṁra ⁊ do ċuireadar irteaċ an t-ór go léir ann (innti).

Conċubar Ó Dearṁuṁna.

78.

Do ḋearg Míċeál a ṡíora, ⁊ d'imṫiġ sé air abhaile. Nuair d'ṡás Míċeál* an ċeardoċa ⁊ ó ná raibh aon níḋ eile le déanaṁ ag Taḋg,† ċuaiḋ sé irteaċ ċun é féin a ḃearraḋ ⁊ a ġlanaḋ i gcóir an aonaiġ. Ní raibh sé aċ leaṫ-ḃearraṫa nuair do ċuir Pilib a ċeann irteaċ an doras 'á ráḋ, "Bail ó Ḋia annso." "Dia 'r

* Notice míċeál repeated to avoid any danger of ambiguity; this must always be done in Irish, which is not averse to such repetitions, but is to any ambiguity.

† Notice position.

Muire duit," arsa Taḋg, aċ ní ó n-a ċroiḋe, mar bí tuairim aige nár ṫáinig Pilib gan ġnó. "Is dóċa go bfuilir ag dul ar an trráid." "Nílim, go deirṁin; tá a ṁalairt de ġnó agam ná (reaċar) rráidiġeaċt," arsa Pilib.

Beirt Ḟear.

79.

Tamall ó ṡoin bí maċtíre mór giobalaċ, bíoḋ 'na ċoṁnuiḋe i bfluair le h-air coille. Bí lón mór bíḋ bailiġṫe aige agus d'ḟan sé ag baile coitċeanta ar eagla go ndéanfaḋ éinne é 'ċreaċaḋ an ṡaid a beaḋ sé ar baile. Fuair mada suaḋ amaċ ar ċuma éigin go raiḃ fluair an ṁaċtíre lán de ṡoġluirtíḃ agus dá bríġ sin (dé sin) ba ṁian leis an maċtíre a ċur ar an trliġe i dtreo go mbeaḋ a stóir aige féinig. Fé deireaḋ ċuiṁniġ sé ar ḟear do bí ag aoḋaireaċt i bráirc sa ċoṁusranaċt, ċuaiḋ sé fé n-a ḋéin, agus d'innis do cá raiḃ an maċtíre 'na ċoṁnuiḋe. Siúd leis an aoḋaire ⁊ a ġunna aige ⁊ do ṁairḃ sé an maċtíre. Suim lá 'na ḋiaiḋ soin ṫárla go raiḃ an t-aoḋaire ag dul ṫar ṗluair an ṁaċtíre ⁊ d'ḟéaċ sé isteaċ ann, agus cé beaḋ ann aċ an mada suaḋ céadna do scéiṫ ar an maċtíre. "'Seaḋ," ar seisean, "an tusa soin? Is aṁlaiḋ do scéiṫis ar an maċtíre d'ḟonn is go marḃóċainn é ⁊ annsoin go mbeaḋ a ṡoláṫar agat féin. Anois, a ṁada suaiḋ, a bitheaṁnaiġ, musa bfuil dúil agat i gcaoirċaiḃ mar adubraís, is maiṫ atá ḟios agam go bfuil dúil agat i n-uanaiḃ." Leis sin do buail sé buille ar an gcloigeann air ⁊ do ṁairḃ (sé é).

Ná scéiṫ ar ḋaoinib eile mar ṁaiṫe leat féin.

80.

D'imṫiġ ſí amaċ ⁊ ṫuġ ſí teine ḋo'n ſtábla, ſuaiſ a ſuaiſ ſí a h-aṫair ⁊ a ċongantaiḋe imṫiġṫe ag loſġ Sṫiaḃna. Nuair a ṫoſnuiġ an ſtábla ar ḋóġaḋ ⁊ ar ṫuitim anuas, ḃí an capaillín ag léimṁiġ ó ṫaoḃ taoḃ, ag teiċeaḋ ó'n dteine ċun go ḃfeacaiḋ ſé poll ſíoḋ ⁊ do léim ſé de ḋruim an ḟalla amaċ. Ḃí a ċuid clúiṁ ar laraḋ nuair a ċuaiḋ ſé amaċ ⁊ d'umlaiſc ſé é féin i bpáiſc ⁊ do ṁúċ ſé é. Nuair a ḃí an duine uaſal ⁊ a ċongantaiḋe taġaiṫe aḃaile um ṫráṫnóna ⁊ gan ſioc de ḃarr an lae aca, dubairt ſé le Sṫiaḃna bualaḋ ċúca ſrteaċ go dána ⁊ a leigint air go raiḃ ſé ar buile i dtaoḃ an ċapaillín a ḃeiṫ dóiġṫe aca.

Conċuḃar Ó Muiṁneaċáin.

81.

Ṫána(g) ſuas le (Rugas ar) Niall Mac Eoin, dé luain ſeo caiṫte (ċaiṫeamar, ġaḃ ṫarainn) ⁊ mé ag teaċt ó Aonaċ Áṫ-ḟeiḋiaḋ. "An ḃfeacaiſ an muileann nuaḋ i mBaile Ḃeag?" arſ eiſean. "Tá ſé ar an tſliġe aḃaile ḋúinn." "Ní ḟeaca," arſa miſe, "aċ ba maiṫ liom é 'ḟeicſint." "Bíoḋ ſoiḋne agat," ar ſeiſean, "ní ſada go mbeimíḋ ar mullaċ an ċnuic (beimíḋ ar mullaċ an ċnuic ſar i bfad, gan moill) ⁊ annſoin ċíſir é." "Ḃfuil puinn ċoiſce (móran coiſce) ann?" arſa miſe. "Tá, buiḋeaċas (molaḋ) le Dia," ar ſeiſean, "⁊ tá ana-áṫas orainn go léir mar ġeall air ('na ṫaoḃ). Tſí bliaḋna ó ſoin, ní raiḃ le ſeicſint aċ ſallai an tſeana-ṁuilinn ⁊ do ḃí an aḃa ag ſiṫ go mall, ſé mar ḃeaḋ uaigneas uiſṫi. Aċ anoiſ tá ſoṫ an ṁuilinn ag caraḋ go tiuġ (meas, taraiḋ), ⁊

tá fochram na h-oibre ⁊ gleo na cainnte ⁊ gáirdhe (le cloirint) mór-dtimcheall na h-áite.

Fuaireamar raodarc ar (Chonncamar) an muileann [go] díreach ⁊ an ghrian ag dul fé. "Is mór an t-athrughadh atá tagaithe (tagta) ar an raoghal," arsa mise, "⁊ is breágh (fóláthach) an t-athrughadh d' Éirinn é."

82.

Bí seandduine ann agus bí cúigear nó seisear mac aige agus bídís coitcheanta ag bruighin agus ag achran le chéile, i dtreo go raibh an duine bocht ciaraithe aca.

Do dhein sé a dhícheall chun a chur iachall orthu péidteach le chéile ach do thair air glan. Fé dheireadh chuimhnigh sé ar sheirt. Chuir sé fior ar roinnt slat geairdhe, lá. Dhein sé dórnán díobh ⁊ do chengail sé go dlúth iad. Annsoin do ghlaodhaigh sé chuige ar a chlainn mhac ⁊ dubairt leis an mac chríonna an dórnán a bhreadh. Tug seisean fé, ach i n-aindeoin a dhícill do thair air é 'bhreadh. Annsoin do dhein an tarna mac an clear céadna, ⁊ na mic eile i ndiaidh a chéile ach do thair orthu go leir.

Annsoin dubairt an t-athair le duine de sna fearaibh ógha an dórnán a scuradh. Nuair a bí sein déanta aige, tug sé aon slat amháin do'n fear aca ⁊ do bhris gach éinne a slat féin gan aon duadh.

"Féachaidh air sin, a chlann ó," arsa an seandduine, "ní neart go cur le chéile. An fhaid a chuirfidh sibh le chéile, ní fhéadfaidh éinne aon díoghbháil a dhéanamh díbh; má thugann sibh druim lámha le n-a chéile níl aon bhac air éinne an lámh uachtair 'fhaghál láithreach orraibh (a thoil d'imirt láithreach orraibh)."

83.

Ḃuail ꝼear leis an dtriúr ⁊ d'ḟiaꝼruiġ ré ḋíoḃ an ḃꝼeacadar a ċapall. Duḃradar leis ná ꝼeacadar. "Náċ capall bán é?" arꝼ an ꝼear críonna. "Seaḋ,' arꝼa 'n tarna duine, "capall bacaċ bán." "Seaḋ," arꝼa 'n tríoṁaḋ duine, "capall caoċ bán." Duḃairt an ꝼear annsoin gurab aṁlaiḋ ṁarḃuiġeadar a ċapall ⁊ ṫug ré go dtí an breiṫeaṁ iad. Duḃairt an ꝼear críonna ná ꝼeacaiḋ ré ꝼéin an capall i n-aon ċor ⁊ aċ go ḃꝼeaca ré clúṁ ar an mbóṫar. Duḃairt ꝼear eile go ḃꝼeacaiḋ ré ꝼéin ꝼuan ⁊ ná ꝼaiḃ aċ ꝼuan trí gcor: gur ar éigin a ċíꝼeá an ceaṫraṁaḋ ꝼuan i n-aon ċor. Duḃairt an tríoṁaḋ duine go ꝼaiḃ ḟior aige ꝼéin go ꝼaiḃ an capall caoċ mar nár ṫ ré an ꝼéar aċ ar aon taoḃ aṁáin de'n mbóṫar. Ċaiṫ an breiṫeaṁ iad a ꝼcaoileaḋ uaiḋ annsoin.

84.

"Go gcúitiġiḋ Dia [do ḟaoṫar] leat," arꝼa Séamur, "ní ḋearṁóidad go deo do ḋeaġ-ġníoḋe (ṁaiṫearaí) im ṫaoḃ." "Ní ꝼiú triáṫ air (beiṫ ag cainnt 'na ṫaoḃ)," arꝼa Peadar. "Dia go deo leat ⁊ go n-éirġiḋ an t-áḋ leat." "Beiḋ soin mar ir toil le Dia," arꝼa'n ꝼear eile, "aċ caiṫꝼead beiṫ ag cur an bóṫair díom."

Oiḋċe ċiuin ċneasta do b'eaḋ í. Ḃí an ġealaċ 'na ꝼuiḋe go h-árd sa ꝼréir. Ḃí an bóṫar tirim ⁊ do ċnag na duilleoga (billeoga) ꝼeoiḋte ꝼé n-a ġoraiḃ. Ḃí oiread ciúineasa ann gur ḟéad ré a ġníoḋe 'ġloirint ⁊ é ag bualaḋ le ꝼoṫram. Ní leoṁꝼaḋ ré (ní leigꝼeaḋ brireaḋ gníoḋe ḋo) ꝼéaċaint ṫar n-air. Ḃí an baile ⁊ an tríoṫċáin leartiar (ar a ċúl) ⁊ an doṁain mór os a ċoṁair (roimir) amaċ.

85.

Buail ré ċúċa ırteaċ ⁊ ní túırce ċonaıc ré an ꝓaꝑaıt ná ṫaꝑaınꝛ ré rıar beaꝛán: do ḟnap ré an caıbín d'á ċeann. "Deın ar t'aġaıḋ, a Ṗádraıꝛ, a ṁıc ó," arr' an ꝓaꝑaıt, "ní baoġal duıt. B'ḟéıdır ꝛo bṗéadṗá-ꝓa tuaırırꝛ éıꝛın do ṫabaırt dúınn ı dtaoḃ an ꝓáꝓla ꝓo atá ar rıubal tımċeall Ṡaoḃ ⁊ Ċorṁaıc." "Ꝓáꝛam le h-uaḋaċt, a Aṫaır, ꝛurab ın é dırıeaċ a ṫuꝛ annꝓo anoır mé ⁊ ꝛur laꝛ a ꝓílear ꝛo mbeaḋ turaċ aꝛ[a]t'onóır orım."

An t-Aṫaır Peadar.

86.

Do loırc Rí na Saran a dtıġṫe ar ḋá ṁíle ⁊ cúıꝛ ċéad duıne de ḋaoınıḃ na tuaıṫe ⁊ annꝓoın do ċuır ré ıaċall (d'ḟıaċaıḃ) orṫa ꝓlıġe 'ġearrıaḋ d'á arım trí ꝓna coıllṫıḃ. Do bṗúıġ ré ꝓoımır ⁊ é lán-ċeaṗṫa (ċeaṗaıṫe) ar an mbuıḋın ꝓuaırıġ ꝓeo d'ḟearaıḃ na ꝓlıaḃ a ḃarcaḋ. Aċ ba ġearr ꝛur ṫárluıġ anacꝓa de'n uıle ꝓórt ꝓa trlıġe aır:—ꝓortaċa, cꝓaınn ar lár, cuaꝓa ꝓoluıġṫe, tuınnte ar bogaḋ, mar ar ċuaıḋ na ꝓaıġdıuırí ar lár ꝛo com. San am ꝛcéadna bíoḋ na Ꝛaoḋaıl aꝛ taḃaırt ꝓoġann[a] ꝓé ċoıṫċeanta ⁊ aꝛ marḃaḋ móráın d'á ċuıd ꝓear.

87.

Ċonnaıc maċtíre ꝓcata caorıaċ aꝛ ınḃear ar ċlıaṫán cnuıc. Ba ṁıan leır cuıd aca a ḃeıṫ le n-ıṫe aıꝛe. Ní leıꝛꝓeaḋ eaꝛla ḋo taḃaırt ꝓúṫa, mar bí maorıaí 'á bꝓaıre. Ꝓé ḋeırıeaḋ ċuıṁnıġ ꝓé ar ꝓeırt.

D'aimṡiġ ṡé cṗoiceann caoṗaċ ⁊ do ċuiṗ uime é ⁊ maṗ ṡin do ṗáinig leiṡ na caoiṗe ḋ'iṫe aṗ a ḟáṡtaċt a ġan ḟiop (d'éinne).

Níop ḟéad an t-aoḋaiṗe a ḋéanaṁ amaċ cad a ḃí ag imṫeaċt aṗ a ċuid caoṗaċ, aċ ṡé ḋeiṗeaḋ ṫuig ṡé ṡé ndeaṗa caoṗa, daṗ leiṡ ṡéin, ⁊ í ag bṗeiṫ aṗ ṡcóṗnaiġ aṗ ċaoiṗiġ eile. D'aiṫin ṡé láiṫṗeaċ ġuṗ maċtíṗe ḃí ann, ⁊ do ṗuig aiṗ ⁊ do ċṗoċ é ġan puinn moille.

Ḃí aoḋaiṗí eile ag ġaḃáilt ṫaiṗiṗ ⁊ d'ḟiaṡṗuiġeadaṗ de cad dob' áil leiṡ ag cṗoċaḋ na caoṗaċ, aċ níop ḋein ṡéiṡean aċ an cṗoiceann a ḃaint de ⁊ a ṫeaṡṗáint dóiḃ náċ caoṗa a ḃí ann aċ maċtíṗe.

88.

Do ṫuit ṗoinnt d'áṗ ṡaiġdiuiṗíḃ i dtoṗaċ an ċaṫa, an ḟaid a ḃí an dá ḟluaġ uċt le h-uċt. Annṡoin do tugaḋ an ṡocal do ṡna h-óglaċaiḃ ⁊ do leaṫadaṗ amaċ ó n-a ċéile aṗ ġaċ taoḃ de'n ḃóṫaṗ, i dtṗeo, nuaiṗ a ṫáinig na Ġaill 'na n-iodnaiḃ dlúiṫṫe aníoṡ ċun na háite 'na ṗaiḃ na cloċa agus na cṗainn aṗ láṗ, go ṗaiḃ na h-óglaċa 'ġá láṁaċ ó'n dá ṫaoḃ ⁊ 'ġá leagaḋ maṗ a leagṡí ḟéaṗ le ṡṗeil. Nuaiṗ a ċonnaic na Ġaill an láṁaċ oṗṫa ó'n dá ṫaoḃ ⁊ ná ḟeadṗadaṗ cá'ṗ ṁaiṫ ḋóiḃ coṡ do ċuṗ aṗ talaṁ, iṗ aṁlaiḋ a ċailleadaṗ a meaḃaiṗ. Ḃí an taoiṡeaċ a d'iaṡṗaiḋ a ċuṗ ḟiaċaiḃ oṗṫa ṡtad ⁊ ṡeaṡaṁ, ⁊ iad ag ṗiṫ ṫaiṗiṗ, gan blúiṗe ṡuime 'ċuṗ ann. Do ṡtealadaṗ na h-aiṗm aṗ a láṁaiḃ. Ní h-é ṡin ḟéin, aċ do ċaiṫeadaṗ díoḃ a mbṗata, i dtṗeo ġuṗ ġéiṗe-de a ḋ'ḟéadṗaidíṗ an talaṁ a ċuṗ díoḃ. B'in maṗ ba ṁeaṡa ḋóiḃ é maṗ d'á ġéiṗe do ṗiṫṡidíṗ 'ṡeaḋ ba luaiṫe a coṗtí iad.

An t-Aṫair Peadaṗ.

89.

Ñuair a ḃíor ar ꝼcoil ꝼa ꝼreana-ꝼaoġal, ní ꝼaiḃ naṁaid ba ṁó agam ná bairile. Seo mar a ṫarlaiḋ ꝼin. An máiġiꝼtir a ḃí againn, ꝼear ana-ḃeag do b'eaḋ é, aċ ḃí béic aꝼail aige ⁊ ꝼuid ba ṁeara ná ꝼoin, ꝼlat ṁilleaċ ꝼada. "Anoir," adeireaḋ ꝼé ⁊ é ag ꝼárṫáil ꝼíor ⁊ ꝼuar ⁊ ag ꝼárcaḋ na ꝼlaite ꝼé n-a arcaill, "ṫá bairile áirṫe ann ⁊ ḋá ꝼoll ann ⁊ ḋá ċorc ionnta. Dá mbéaḋ an bairile lán d'uisce ⁊ go dtarraiceoċṫá an corc ṫíor do ḃeaḋ an barailе ꝼolaṁ i gcionn deiċ nóimeataí; aċ dá mbeaḋ ꝼé ꝼolaṁ ⁊ go leoġꝼá uisce isteaċ ann tríd an bꝼoll ṫuar, do beaḋ ꝼé lán i gcionn dá nóimeat déag. Cuir i gcár anoir go mbeaḋ an bairile lán, ⁊ go dtarraiceoċṫá an dá ċorc i n-éinꝼeaċt caṫain a ḃeaḋ ꝼé i ndíꝼc?

Gruagaċ an Tobair.

90.

Ní hé atá roṁam-ꝼa gníoṁarta Maelꝼeaċlainn do noċtaḋ annꝼo. Aċ is éigin a léiriuġaḋ go ꝼaiḃ cúrꝼaiḋe an traoġail úd go ꝼíor-anacraċ; gur luġa cáirde ná naiṁde ḃí ag Maelꝼeaċlann mar ḋíoġal ar a riaġail ꝼéin; ⁊, má ċaill ꝼé an Árd-ríoġaċt, gurḃ é ba ṁó ba ḃun leis ná an iomad naiṁde do ḃeiṫ aige, ⁊ éad mí-áḋṁaraċ do ḃeiṫ ag a luċt gaoil le ċéile ꝼan aimsir úd ⁊ earaontas do ḃeiṫ eadarṫa d'á ꝼéin. Ní leigꝼeaḋ an t-éad ꝼoin dóiḃ cuidiuġaḋ le Maelꝼeaċlann ⁊ é i dteannta ag Brian; b'é an t-éad céadna do ċuir i n-aċrann 'na ċéile iad i gCraoiḃ Tulċa. Ná beireaḋ éinne leis, áṁṫaċ, gur ionnan ꝼo ⁊ a ꝼáḋ ná ꝼaiḃ muinnteas Leiṫe Moġa i n-aċrann 'na

ċéile. Bíodaṙ. Aċ má bí naṁde aġ Brian de ḋeaṙcaiḃ na tṙoda, b'éiġin dóiḃ uile ġéilleaḋ do, nuaiṙ d'oiṙ ṙoin do.

Sceilg na Sceol.

91.

D'aiṙiġ ṙé na tuaiṙiṙcí uaṫḃáraċa ó'n Muṁain. Bí ṙé aġ maċtnaṁ oṙṫa aṙ ṙeaḋ i bṙad, agus aġ cuṙ iṙ aġ cúiteaṁ i n' aiġne ṙéin ṙeuċaint conuṙ a ṫiocṙaḋ ṙé aṙ an ngalaṙ a leiġeaṙ. Taṙ éiṙ a ṁaċtnaiṁ ḟocaṙuiġ ṙé a aiġne aṙ cad a ḋéanṙaḋ ṙé, aċ níoṙ ṫug ṙé aon ḃlúiṙe eolaiṙ d'aoinne aṙ cad a bí ceaṙaiṫe aiġe a ḋéanaṁ. Pé ṙud a bí ceaṙaiṫe aiġe a ḋéanaṁ, níoṙ b'ṙoláiṙ do teaċt ṙa Muṁain, ċun a ḋéanta. Iṙ é ṙud a ḋéin ṙé ná a leiġint aiṙ go ṙaiḃ ṙé coṙṫa de'n ḟoġluim; ná ṙaiḃ aiġe aṙ ṙgáṫ a ċuid ḟoġlama aċ an dealḃaṙ agus an t-ocṙaṙ agus náṙḃ ḟoláiṙ do gaiṙm éiġin eile beaṫa do ṫaṙaṅg ċuiġe.

An t-Aṫaiṙ Peadaṙ.

92.

Bí ṙeiṙmeoiṙ compóṙdaċ ann ṙad ó ⁊ bí clann ṁac aiġe, ⁊ iṙ iad a ṫóġaḋ an ṙaoġal go boġ. Bí ṙé cṙíonna ⁊ é gan beiṫ aṙ ḟoġnaṁ.

Ṫáiniġ taom tṙom bṙeoiteaċta aiṙ, lá; ⁊ ó ṁoṫuiġ ṙé go ṙaiḃ ṙé aġ dul ċun báiṙ, do ġlaoḋaiġ ṙé ċuiġe aṙ a ċlainn ṁac. "A ċlann ó," aṙ ṙeiṙean, "ṙé mo ċoṁaṙṙle ḋéiḋeanaċ díḃ gan ṙgaṙaṁaint leiṙ an ḃṙeiṙm a bí aġ áṙ ṙeaċt ṙinnṙeaṙaiḃ ṙoṁainn. Do ṫug m'aṫaiṙ ṙún dom ⁊ é aġ ṙáġáilt báiṙ. Ba ṁaiṫ liom anoiṙ an ṙún ṙoin a ṫaḃaiṙt díḃ-ṙe. Dubaiṙt ṙé

liom go bfuil ſtóir aiſgio i bfolaċ i n-áit éigint ſa talaṁ, aċ níor ḟéadaſ a ḋéanaṁ amaċ cá bfuil ſé. Dá bríġ ſin, ċóṁ luaċ ſuaṁ iſ beiḋ an ſoġṁar bainte agaiḃ, cuaiſdiġiḋ go mion iſ go cúiſamaċ ⁊ táim deiṁniġṫeaċ go mbeiḋ ſiud maiṫ agaiḃ de baiſ buiſ ſaoṫaiſ."

Ní baoġal gur ḋeaiṁadaḋar coṁaiſle an ſeandduine. Ċoṁ luaṫ iſ bí an t-aiſbar bainte, ſiúd ag loiſg an aiſgio ar a ndíċeall iad-ſan. Do ſoṁaradar an uile oiſlaċ de'n bfeiſm aſíſ ⁊ aſíſ eile. Ní bfuaiſadar an t-aiſgead, aċ an bliaḋain do bí ċuġainn, do ṫuit ſiud amaċ do ċuiſ iongantaſ oiſṫa. Na baſſaí bí aca, bíodar níor ſlúiſſe go móir ná baſſaí na gcoṁaſſan.

I ndeiſeaḋ na bliaḋna ⁊ iad ag áiſeaṁ an teaċt iſteaċ do bí aca, 'ſé duḃairt duine de ſna dearbháirṫiḃ a bí níor géaſċúiſiġe ná an ċuid eile; "Iſ dóiċ liom ſéin guſab é ſeo an ſaiḋbſeaſ i bfolaċ go ſaiḃ m'aṫair ag tagairt do."

93.

Ceaſdaiḋe maiṫ do b'eaḋ Taḋg. Ní ſaiḃ 'na ḟaſſóiſte ſéin, ná b'ḟéidir i gCiaſſaiḋe, ſeaſ dob' ḟeaſſ a ċuiſſeaḋ ſiúḋ ſé ċapall ná cláir ar ċéaċda. Aċ mar ſin ſéin, ní ſaiḃ Taḋg gan a loċtaiḃ ſéin. Iſ dóċa nár ṫáiniġ ſuaṁ lá aonaiġ ná maſgaiḋ ná ſeicſí Taḋg ar ſſiáid Ċill Áiſne ⁊ iſ ſó-annaṁ a bí ſé teaċt abaile ſiáṫnóna gan beiṫ ſúgaċ nó b'ḟéidir ar meiſge. Dá ndéaſſaḋ éinne le Taḋg ar maidin lae [an] aonaiġ, "An bfuiliſ ag dul go Cill Áiſne indiu, a Ṫaiḋg?" ſé an ſſeagſa a ġeoḃaḋ ſé,

"Ní ḟeadar," nó "b'ḟéidir dom"—ran * am ċéadna ag bualaḋ buille d'á ċarúr ar an iarann nó ar an inneoin, ċoṁ maiṫ ir dá mbeaḋ ré 'á ráḋ, "Ir mór † atá fior uait."

Beirt Ḟear.

94.

Lá de'n trean-aimsir, nuair naċ raiḃ dligeaḋ na tíre cóṁ geur a'r atá 'ran aimsir-seo, do ċóṁnuiġ beirt dearḃráṫar de ṁuinntir Ṡúilleabáin i mbarúntaċt Ḋúin na Ciarraíġe, ar ċeanntar Neidín nó Ċinn Ṁara i gContae Ċiarraiġe. Do ḃí raiḋḃreaċt aca go leor agus mórán raċmuir. Do ċeap duine aca—an fear ba ḟine ḋíoḃ—ar ċairleán do ḋéanaṁ agus dubairt ré le n-a ḋearḃráṫair óg go ndéanfaḋ ré cairleán dá dtiubraḋ ré congnaṁ do. "Tiubraiḋ mé," arsa' an dearḃráṫair óg. "Má ṫugann tú," arsa' an fear críonna, "tiubraiḋ mise congnaṁ duit 'nuair a ṫeartóċaiḋ uait cairleán do ḋéanaṁ aċ taḃair-se congnaṁ doṁsa ar dtúir." Do ṫornuiġ an dearḃráṫair críonna agus do ċuir sé an obair ar bun agus do lean sé ḋe nó gur ċríoċnuiġ sé an cairleán. Annsain do ṫornuiġ an dearḃráṫair óg (ar) a ċairleán a ḋéanaṁ agus níor ḋein an dearḃráṫair críonna maiṫ d'á ḟocal. Do lean an fear óg d'á obair nó gur ċríoċnuiġ sé an cairleán ar a ṡon féin, agus ba ḃreáġṫa é 'ná an cairleán eile. Do ḃí eud ar an dearḃráṫair críonna i dtaoḃ an ċairleáin do ḋein an fear óg do ḃeiṫ go mór agus go ró-ṁór níor ḃreáġṫa 'ná a ċairleán féin. Ar sain do ṫornuiġ an caṫ.

Sliocht ar an 'Irisleabar.'

* *or* 7 é ag bualaḋ, 7rl., ran am ċéadna. † *or* náċ mór.

95.

An ḟaid a bí an ṡgoraiḋeaċt ⁊ an ṡgéal ḟiannaiḋ-eaċta ar ṡiubal ag an lior, bí gnó éile ar ṡiubal ra ṡoilig.

Bí beirt bitheamnaċ, aṫair ⁊ a mac, 'n-a gcomnuiḋe ra' comurranaċt. Ṡocruiġeadar, an oiḋċe sin, go dtiucfaidís ⁊ go ngoidfidís caora ó Ṡeagán an Learg féin.

Nuair bí am mairb na hoiḋċe aca, do ġluaiseadar. Ní raib, dar leo, áit baḋ luġa baoġal dóib, ċum an ċroicinn do bainte de'n ċaoirġ, ná an cúinne céadna úd ra' ṡoilig, toirg an droċ-ainm do beiṫ ar an áit.

"Imṫiġ-se," arr' an seanduine, "ó 's agat atá an óige, ⁊ tabair leat an ċaora, ⁊ raġad-sa go cúinne na ṡoilge, ⁊ bead ann ṡóṁat."

D'imṫiġ an fear óg fé ḋéin na caoraċ, ⁊ d'imṫiġ an seanduine ⁊ do luiġ sé sa bhroiṫin i gcúinne na ṡoilge, ⁊ ba ġearr gur ṫuit míogarnaċ codlata air.

Ba ġearr gur airiġ sé ruo éigin do ḋúiriġ é. D'airiġ sé an duine ag teaċt ⁊ é ag séideaḋ, fé mar beaḋ ualaċ air. Ċear sé, dar ndóiċ, gur b'é fear na caoraċ a bí ann. Ní hé fear na caoraċ bí ann, áṁ.

An t-Aṫair Peadar.

96.

Ar maidin amáireaċ, nuair éirġ sé, dubairt an ṁáiġistreár leis imċeaċt ⁊ cisean móna a ṫabairt isteaċ. Dubairt sé ná raib éinníḋ 'na ṁarġaḋ féin aċ na ba 'aoḋaireaċt, "agus," ar seisean, "ní ṫabair-fá mo ḟuiréar aréir dom, ċoṁ ṁaiṫ sin." Nuair a bí a bhreicfeárta iṫte aige dubairt an máiġistir leis: "Téanam ort anois, a Ṡeagáin, go dtairbeánfaiḋ mé

ḋuit cá gcomáinfiḋ tú na ba." Ḋuaiḷ an ḃeirt amaċ, ⁊ níor ḋeaṁnaiḋ Seaġán a ċleiṫ a ḃreiṫ leis. Ṫairbeáin an máiġistir do annsoin cá n-aoḋaisfeaḋ sé na ba. "Agus anois, a Ṡeaġáin," ar seisean, "tá éinníḋ aṁáin agam le ráḋ leat: gan aon ḃó 'leogaint (leigint) isteaċ sa ċoill sin ṫiar, nó, má leogfair, ní ḃfaġfair a ṫuilleaḋ í, ná mise aċ ċoṁ beag leat." "Cad tá sa ċoill," arsa Seaġán, "a ċoimeádfaḋ uaim í?" "Tá trí [h-]aṫaiġ," arsan máiġistir, "⁊ níl aon ḃó a raġaḋ isteaċ ag triall orṫa ná go gcoimeádfaidís. Tá siċe bó beirṫe (bearṫa) uaim le bliaḋain aca, ⁊ táim, geall leis, creaċta aca." "Tá go maiṫ," arsa Seaġán. Do ċomáin sé leis na ba ċun go dtí gur ḋeaġaiḋ sé go dtí an ċoill ⁊ d'ḟéaċ sé ar an gclaiḋe ⁊ ar an gcoill go maiṫ. Níor leog sé aon ḃó isteaċ ann an lá soin, ⁊ do ṫug sé go léir aḃaile gan aon ċeann i n-earnaṁ orṫa. Ḃí an máiġistir ana-ḃuiḋeaċ de, i dtaoḃ a ḟeaḃas d'aoḋas sé iad.

Conċuḃar Ó Dearṁuṁna.

97.

Is minic a ċínn na buaċaillí eile ag éaluġaḋ leo ó'n scoil, ⁊ ní raiḃ orṫa éinne gurḃ' ḟeasir leis ná liom féin lá a ċaiṫeaṁ ag siṫ i ndiaiḋ éanlaiṫe nó ar lorg neaḋ nó im ḟearaṁ ar ṗoist na haḃna* ag féaċaint ar na h-iascairíḃ. Aċ ḃí eagla an domain orm roiṁ m'aṫair. Is annaṁ a ġaḃ sé ar a ċloinn, aċ nuair do ċuir sé ċuige, ní raiḃ láṁ ró-éadtrom aige.

* or haḃann (3rd or 5th declension, *pl.* aiḃne).

Mar ġeall air reo, má ḃí éagla orm dul † ar rcoil ⁊ mo ċeaċt gan a ḃeiṫ * roġlumṫa agam, ba ṁó ná roin m'eagla éaluġaḋ † ó rcoil, mar ḃí 'ṡior agam go maiṫ go mbeaḋ rlat im ċóir ra ḃaile, dá mbeaḋ ṡior ag m'aṫair ná raḃar ar rcoil.

Ḃí ṡeirmeoir 'na ċoṁnuiḋe i n-aice linne ⁊ ní raiḃ aige aċ an t-aon-ṁac. ‡ Coṁ-aor doṁ-ra dob' eaḋ an buaċaill reo. Ní raiḃ aon teora le 'n-a ċleaṙ-aiḋeaċt. Do ṡearóċaḋ ré ar ḋruim capaill ⁊ an capall ar cor-in-áirde. Ir minic do ċonnac-ra é 'na ṡearaṁ ar ḃarr a ċinn ar ṡalla an droiċid. Ní raiḃ neaḋ éin inr an áit i gan ṡior do.

Beirt Ṡear.

98.

Ṙear meaḋón-aorda ḃí 'na ċoṁnuiḋe i n'aonar i diġ beag dear ceann-tuige i ndeireaḋ an droċ-ṡaoġ-ail. Ní raiḃ tiġ ná treaḃ 'na ċoṁgar, agur ní raiḃ triall duine ná daonnaiḋe air ó ċeann ceann de'n ḃliaḋain, ná beann aige orṫa. Ḃíoḋ ré moċ déiḋeanaċ ag obair 'r ag gnó go díċeallaċ do ṙéin, gan éinne ag cur ċuige ná uaiḋ, agur níor ḃeag leir de ċúram roin gan daoine eile ḃeiṫ ag déanaṁ mearḃaill do. Baḋ ṁaiṫ an rolátraiḋe ċum a ṫige ḃig é, agur ḃí a rian air, ir ar ṫaoḃ na rgolb de'n tiġ ḃíoḋ an ṙuaċt agur an braon. Ní ag brat ar ċoṁurrain a ḃíoḋ ré ċum iarraċt na háire oibre ḋ'ṙaġáil lá earraiġ, ná ċum toraiḋ a ġarḋa beag do ċur i dtairge ré ċoṁair na doininne.

Ṙearġur Ṙinnḃéil.

* gan mo ċeaċt a ḃeiṫ.

† For a discussion of this construction, see Irrleabar na Gaeḋilge.

‡ *or* aon ṁac Aṁáin.

99.

Do bí baintreabaċ boċt ann ṙadó: ⁝ ⁝ . ⁊ do bí triúr inġean aici. Do bí beirt aca 'na mnáiḃ óga éirġte ṙuar. An tríoṁaḋ ceann aca bí ṙí níor luġa ⁊ níor óige ná an beirt eile ⁊ ir é an ainm a ṫugaidír uirṫi ná Móirín. B'é an gnó a bíoḋ uirti ṙin do ḋéanaṁ gaċ aon lá ná ag aoḋaireaċt ġaḃar a bí ag an ṙeana-ṁnaoi.

Ba ṁó go mór an cion a bí ag an ṁáṫair ar Ṁóirín ná ar éinne do'n beirt eile, ⁊ mar ġeall air ṙin ṫáinig éad ⁊ buile orṫa ċun Móirín . . . ⁊ nuair a bíoḋ an ṁáṫair ar an mbaile bíoír ag triotu le Móirín ⁊ ag gaḃáil uirri. Do ṙuair an ṁáṫair amaċ é ṙin ⁊ ḋein ṙí ana-ḃuaiḋirt ⁊ trioblóid aigne ḋi, i gcaoi,† nuair ṫagaḋ Móirín aḃaile gaċ aon tráṫnóna . . . . ċíoḋ † ṙí a máṫair* ag gol. Do ċeap ṙí 'na haigne ṙéin gurḃ aṁlaiḋ a bíodar ag taḃairt an ċoir ċéadna d'á máṫair do ṫugaidír di ṙéin. Bí Móirín ⁊ a máṫair ṙa trioblóid ṙin ar ṙeaḋ ṙcaṫaiṁ i gcaoi nár ċuiṁin le Móirín ná le n-a máṫair* an uair a ṙuaradar ṙocal ṙibialṫa ó'n mbeirt eile.

Conċubar Ó Dearṁuṁna.

100.

"Ṁuire," ar ṙeirean, "ó ṙug ṙé orm de ṙólár ṙaoġail an ṙógaire beiṫ ṙém ṙmaċt agam, cuirṙead irteaċ arír é, agur tiuḃrad grear eile ḋo uaim ṙéin—ní ṙéidir go bṙuil aon bṙuid orit!" "A ḋuine m' áṙann," arṙa Páidín, "agair do ḋíoġaltar air 'n ṙaid

* For the repetition *cf.* 78, note 1.

† Probably i gcaoi . . . go bṙeiceaḋ, the narrator having probably *forgotten* sequence to i gcaoi, owing to long explanatory clause. Notice that no word can go *between* go *and its verb.*

do beiḋ ré agat." Do ċuir ré a ḋá oiread uirce le hoḋ an ṁuilinn agus do bí an ċéad uair ar ḟliġe nár b'éinníḋ a ḃruair ré ar dúir i gcoṁnáiro do'n tarna h-uair. Do ċaiṫ Páidín a ṁála ar a ḋrom arís, agus nuair a ċuaiḋ ré tamall de'n tliġe d'ḟiafruiġ ré de'n ḟear an raiḃ ré coirṫa ḋe fóir? "Is mé atá," ar seisean. "'Seaḋ, is maiṫ liom sin do ċlos," arsa an fear eile, "sin mar is mó leanfad díot, áṁ, go mbainfead cuid de'n tearbaċ díot."

Pádraig Ó Laoġaire.

101.

Ṫáinig Móirín i n-áirde ‡ ar an eaċ. Ċomáin sí léi ⁊ ċuaiḋ sí go dtí an t-aonaċ. Nuair a ḃuail sí isteaċ tríd an aonaċ bí gaċ éinne ag ḟéaċaint uirṫi, ⁊ ní ḟeadraodar do'n doṁan cé'r b'í an ḃean uaral ḋreáġ go léir; ⁊ go mór mór bí an duine uaral óg 'á taḃairt ḟé ndeasra go géar, gur ṫug sí súrra an aonaiġ isteaċ ⁊ go raiḃ sí ag déanaṁ ar an ngeata ċar n-air. Níorḃ' é a ḋearṁad sin* beiṫ ag an ngeata roimpi ⁊ le linn gaḃáil ṫairis di, d'ḟiafruiġ † sé ḋi cad ar í le n-a toil. "Ó Ḃaile an Láiṁinní," arsa' ise ⁊ ar go bráṫaċ léi. Do ṗreab an duine uaral óg i n-áirde ‡ ar a ċapall féin, ċun teaċt suas léi, ċun tuairisg níos feasa d'ḟaġáil uaiṫi. Má is eaḋ ba ḃeag an ċaḃair do é; do bí sí imṫiġṫe as a raḋairc sar a raiḃ sé sin* i n-áirde ‡ ar a ċapall.

Conċubar Ó Dearṁuṁna.

* Notice emphatic use of sin.

† fiafruiġim takes "oblique narration," hence "cad ar í" (*not* tú). If "cad ar tú" ("direct narration") is used arsa must be used for fiafruiġim.

‡ Notice that i n-áirde is very often used for "up" in its *literal* meaning, and may denote *rest* or *motion* as here. *Cf.* ċuaiḋ sé suas an bóṫar; ṫáinig sé suas liom, etc.

102.

Nuair a ḃíodar tamall beag ar an mbóṫar duḃairṫ Taḋg le Séamar, "Ar ḃuail Pilib óg umat?"* "Níor ḃuail; cad 'na ṫaoḃ?" "Ḃí sé annso tamall beag ó ṡoin le n-a ċéaḋda. Do ġeallas do, tá seaċtmain ó ṡoin, go mbeinn ullamh dé Ceadaoin'; aċ ní ḃéaḋ sé sásta gan teaċt ċuġam ar maidin, ⁊ mé tar éis Míċíl . . . do leigint aḃaile, mar ġeall air ná raiḃ aon ġual agam. Ḃí gaċ re seaḋ againn le n-a ċéile go raḃamar araon fearġaċ. D'áidiġ Pilib a ċéaċta leis, ⁊ is dóca ná beiḋ stad leis go mbuailfeaḋ † sé ceardċa Eoġainín Ui Laoġaire." "Raiḃ Míċeál . . . ag an gceardċain ar maidin indiu?" "Naċ ḃfuilim tar éis a ráḋ leat go raiḃ, ċun nud éigin do ḋéanamh le n-a ċéaḋda." "Ḃíoḋ geall," arsa Séamar, "gurab é Míċeál do ċuir i gceann Pilib teaċt ċuġat."

Beirt Ḟear.

103.

Do stiúruiġeaḋ na foġṫa úd ó'n dTeamair ⁊ d'á ḋearcaiḃ sin ḃí na Rómánaiġ gaċ re bliaḋain ar tí taḃairt sé Éirinn ⁊ í ċur sé ċoir. Ḃíoḋ sé míle fear suiḋte i n-Oileán Móna ar aġaiḋ Ḃeinne Éadair anonn ó ḃliaḋain go bliaḋain ag feiṫeamh le n-a ṫuilleaḋ caḃarṫa ċun Éireann do ġaḃáil, aċt ḃí tír na Rómánaċ ar fuaid an domain ró-ḟairsing le n-a coraint, ⁊ ní raiḃ sé i gcumas na Rómánaċ arm láidir a ḋóṫain do ḃailiuġaḋ le h-aġaiḋ Éireann do ċur sé smaċt. Ḃéaḋ faiṫcíos orṫa taḃairt súiṫi le h-arm beag. Ṫuig na Rómánaiġ go maiṫ cad iad an saġas fear cogaiḋ na seana-Ġaeḋil úd. Fear ar Éirinn, sé

* *or* leat. † *or* sroisfeaḋ *or* mbainfeaḋ amaċ. Future tense might also be used.

mar adeir na Rómánaiġ, do b'eaḋ an taoiseaċ úd go dtugaid siad Galgácus air do ċomhraic i n-aġaiḋ Agricola san Albain. Deir Gibbon 'na staid gur b'é Fionn Mac Cumhaill é, acht is dóċa liom-sa gur b'é Conall Ceárnaċ é, mar ní ṗugaḋ Fionn go ceann breis is céad bliaḋain 'na ḋiaiḋ súd, ⁊ áirmiġeann an tseana-staid go mbíoḋ Conall Ceárnaċ go minic ṫar leas ag troid.

Conán Maol.

104.

Ḃí tuitim na h-oiḋċe ann. Ḃí Cormac ⁊ a ṁuintir gan filleaḋ. Ḃí cuid de na daoinib d'imṫiġ leo, agus nár ḟéad coimeád suas leo, ag teaċt ṫar n-air i ndiaiḋ a ċéile. Cuid aca 'ġá ráḋ go raiḃ beirṫe ar na biṫeamnaiġ (-naċaiḃ) agus cuid aca 'ġá ráḋ ná raiḃ. Ḃí gairm aca bailiġṫe ar lár an ḃóṫair ar aġaiḋ tiġe Ḋiarmuda amaċ. Iad ag aiġneas agus ag áiteamh ar a ċéile. . . . Ṗreab Séadna ar a ṁaċtnaṁ. "A Ḋiarmuid," ar seisean, "dún an doras so im ḋiaiḋ agus daingniḋ go maiṫ é"; agus siúd amaċ é, agus isteaċ i lár na muintire a ḃí ag caint. "Ar ṗugaḋ orṫa?" ar seisean. "Do ṗugaḋ," arsa duine. "Níor ṗugaḋ," arsa duine eile. "'S dó, deirim gur ṗugaḋ," arsa 'n ċéad duine. "Ná ḟeacaiḋ mo ḋá ḟúil láṁ Ċormaic ar scórnaiġ an ḟir ṁóir úd a ḃí ag siubal an aonaiġ indiu i dteannta Ṡaoḃ Ḋiarmuda? An é saḋarc mo ḟúil do ṁearḟá ḃaint díom?" "Dálṫa an sgéil," arsa 'n tríṁaḋ duine, "ní ḟeadar cad do ḃeir Saoḃ Ḋiarmuda ag siubal an aonaiġ 'na ṫeannta." "Ní ḟeadar-sa aċ ċoṁ beag leat," arsa 'n ceaṫraṁaḋ duine, "ná ní ḟeadar cad do ḃeir ag tiġ Ḋiarmuda i n-aon ċor iad."

An t-Aṫair Peadar.

105.

Sul a dtóinig an droc-ṡaoġal, bí an baile ag feifear eatorṫa, féar ḋá bó ag an duine acu, aċ níor roinneaḋ an baile riaṁ. Bí an baile 'na ṗáirceanna móra, ⁊ ir aṁlaiḋ bíoḋ iṫe ar a ċion féin do'n innbear ag gaċ nduine, ⁊ a ċion féin aige de gaċ aon ṗáirc a bíoḋ curṫa—deiċ n-iomaire nó ar foin go fiċe iomaire do réir méid na páirce. Ní raiḃ a bac ar éinne práṫaí nó coirce nó 'pé níḋ ba ṁaiṫ leis a ċur 'na ċuid féin do'n ṗáirc. Bíoḋ cuid de'n baile 'na ṁóinṫéar gaċ aon bliaḋain acu, ⁊ ir aṁlaiḋ bainidír an féar le cabair a ċéile, ⁊ roinnidír le ċéile é nuair bíoḋ ré tirim 'na ṡtuacánaiḃ acu. B'é ceart gaċ nduine lá ra treaċtṁain do beiṫ aige ar ċapaillín a bíoḋ acu, aċ níor ċualaiḋ na coṁarsain riaṁ an dara focal eatorṫa mar ġeall air. Ní gan a túirne olna ⁊ a túirne lín ⁊ a bró beag a bíoḋ gaċ aon bean tiġe san aimsir sin. Ṡníoṁaidír a gcuid bréide féin, ⁊ ṁeilidír a gcuid coirce, an méid a bíoḋ uaṫa ḋe, ⁊ cé nár ṁór é faġáltas gaċ éinne, ṁairidír go ṡásta, mar ná caiṫṫí oiread aisgid ins na ṡiopaíḃ ⁊ ċaiṫteas anois.

Aċ bí malairt ṡcéil ag na daoiniḃ boċta nuair ṁeaṫ na práṫaí orṫa. Ba ġearr go raiḃ na daoine ag imṫeaċt, ⁊ go raiḃ feirmeaċa i n-áirde ṫall ⁊ abur. D'imṫiġ cuid acu go bailtib eile; ⁊ a ṫuilleaḋ acu ṫar sáile, go dtí ná raiḃ ann aċt an dá ṫiġ gan beiṫ folaṁ.

Fearġus Finnbéil.

106.

Ċuaiḋ sí ag tsiall ar a ḋearbráṫairseaċaiḃ le n-a noinnéar. Nuair a bí an béile caiṫte aca níor b'é a

deaṁad an t-uball do ṫarraṁ ċúiġi ⁊ ṫug sí do'n dearbráṫair ba ṡine é. D'ḟéaċ sé air ⁊ d'inḟiúc sé go maiṫ é. "Is neaṁ-ḋoiṫċeanta an t-uball é sin," ar seisean, "cá bḟuaiṁir é?" "Ḟuaiṁear óm leas-ṁáṫair é," ar sise. "Ḟanaiḋ go ḟóil anois," ar seisean, "go ndéanfad-sa ceiṫṡe ceaṫraṁna de'n uball so. Taḃarfaiḋ mé mo ċeaṫraṁa féin do'n ġaḋar atá annso, ⁊ mara ndéanfaiḋ sé éinníḋ leis an ngaḋar níl bac orraiḃ-se bur gcion féin de ḋ'iṫe." Ḋein sé mar sin leis. Ṫug sé a ċeaṫraṁa féin do'n ġaḋar ⁊ is ró-ġearr a bí sé iṫṫe aige nuair a ḋíriġ sé ar beiṫ ag croṫaḋ na gcos, ⁊ ḟín sé siar ⁊ ḟuair sé bár. "'Seaḋ anois," arsa an dearbráṫair, "náċ dear a beimís dá n-iṫimís an t-uball soin; ⁊ táim 'á ráḋ leat," ar seisean leis an ndeirbḟráṫair, "ḟéaċaint amaċ dod leas-ṁáṫair, mar tá sí ar tí sinn do ṁarbaḋ ró díoġbála éigin do ḋéanaṁ dúinn."

Conċubar O Dearṁuṁna.

107.

"Tá an t-uisce ana-ḟuar, a Ṡeaġáin," arsa mise. "Ní bhraiṫim-se ḟuar é, agus dá mb'áil leat léimeaḋ isteaċ mar mise, ní beaḋ ḟuaċt ort." "Tá an poll ró-ḋoiṁin, a Ṡeaġáin," "Is ort atá an easgla. Ḟéaċ orm-sa." Amaċ le Seaġán ar an bport. Ṫug sé scuuiro ṁeaṫa agus do léim isteaċ i lár an ḟuill. D'éiriġ sé i n-áirde ar barr an uisce mar éiṁeoċaḋ laċa. Ṫug sé cúpla buille ⁊ bí sé 'na ḟearaṁ ar an ngairbéal i n-aice liom. Ċuir sé seo misneaċ orm-sa. Amaċ liom ar an bport. Ḃí easgla orm riṫ. Do léimear isteaċ, aċ, nuair a ḟuaiṁear an t-uisce ag dul isteaċ im ḟróin ⁊ im ḟúilib (ḟúile), níor ċuiṁear ċun

ṡnáiṁ, aċ ḃíoṙ aġ cuṙ mo ċoṙ ḟúm. Ḃí an áit doiṁin ġo leoṙ; ḃí an t-uiṙġe ṡuaṙ ċoṁ h-áṙd lem ṡmeiġín agur ḃí an ġaiṙḃéal ag ṡleaṁnuġaḋ óm ċoṙaiḃ. Ṫáinig ṡcannṙaḋ oṙm nuaiṙ a ḃṙaiṫeaṙ an t-uiṙce ȯom áṙdúġaḋ ṡuaṙ ⁊ ag dul iṙteaċ im ḃéal. Do ṡcṙeadaṙ ċun Ṡeaġáin agur ċonnac é ag teaċt ċuġam, aċ ní cuiṁin liom a ṫuilleaḋ. D'innir Seaġán dom an ċuid eile de'n ṡcéal. Ir dóċa go ṙuġaṙ-ṡa ġṙeim an duine ḃáiḋte air, agur go mbeimír aṙaon báiḋte, aċ ġur ḃ'é toil Dé go ṙaiḃ Séamaṙ Maor ag ġaḃáil anuaṙ i n-aice na h-aḃna agur ċuala ṡé an béic do ċuiṙeaṙ-ṡa aṙam.

Beirt Ḟeaṙ.

108.

Tṙáṫnóna Doiṁnaiġ timċeall bliaḋna ir ṙiċe ó ṡoin, ḃí ġaṙṙa de ḃuaċailíḃ baṙṙa an Ġleanna bailiġṫe i d-teannta a ċéile i nInṙe Nóṙa Léiṫe ċum báiṙe d'imiṙt. Ḃí Nóṙa maṙḃ le céad éiġin bliaḋan roime ṙin. B'í Inṙe Nóṙa Léiṫe í aṙ a ṡon-ṙan. Níor ċualaṙ-ṡa ṙiaṁ a ṁalairt d'ainm uiṙṫi.

Le taoḃ na hinṙe tá caṙṙaiġ áṙd ċaol-ḟada, aṙ a nġlaoḋtaṙ Caṙṙa' na Scoile, maṙ ir i ġcṙúitín ṡé ḃun na caiṙṙġe ṙin, do ḃíoḋ Muiṙtí Beag, go n-déiniḋ Dia ġṙáṙda aiṙ, ag caṙaḋ le Béaṙla do ṁúineaḋ, ṙul aṙ cuiṙead an ṙgoil Ṡaṙannaċ aṙ bun. Má'ṙ ṙíor ṡcéal, ḃí an Béaṙla ġann go leóṙ ag Muiṙtí Beag ṡéin, maṙ 'ṙé deiṙeaḋ ṡé leiṙ na ṙgoláiṙíḃ nuaiṙ ḃuaileaḋ ṙocal ṙada cṙuaiḋ umpa ṙa leaḃaṙ: "Ná bacaiḋ leiṙ ṙin, a leanḃaíḃ, ṙocal Laidne ir eaḋ é."

Ir deaṙḃṫa náṙ ṫáinig le Muiṙtí Beag puinn de'n Ḃéaṙla do ṁúineaḋ, maṙ ní ṙaiḃ ṙocal de d'á laḃaiṙt ṙan inṙe an tṙáṫnóna úd, ná cuiṁneaṁ aiṙ.

"Seaḋ, a ḃuaċaillí,' arra Conn Ó, "ná fearuímíṙ níor ṙia i n-áṙ gcoinlí-ṙóṫa annṙo. Tá an baṙṙa-leaṫaṙ ag teaċt aṙ mo ṁéaṙanna-ṙa ċeana féin. An raġaiḋ na Cṙoṙtaiṙiġ le muinntiṙ eile an Ġleanna indiu, nó an cluiṫċe trí n-a ċéile iṙ feaṙṙ leó?"

Gṙuagaċ an Tobaiṙ.

109.

"A Ṡéadna," aṙ feiṙean, "ní gáḋ ḋuit aon eagla do ḃeiṫ oṙt ṙoṁam-ṙa. Nílim aṙ tí do ḋíoġḃála. Ba ṁian liom taiṙḃe éigin a ḋéanaṁ duit, dá nglaċtá mo ċoṁaiṙle. Do ċloiṙear ṫú, anoiṙ beag, ġá ṙáḋ go raḃaiṙ gan biaḋ, gan deoċ, gan aiṙgead. Ṫaḃaṙ-ṙainn-ṙe aiṙgead do ḋóṫain duit aṙ aon ċoinġill beag aṁáin." "Agus gṙeadaḋ tré láṙ do ṙcaiṙt!" arra Séadna, agus ṫáinig a ċainnt do; "ná ṙéadṙá an méid ṙin do ṙáḋ gan duine do ṁilleaḋ leo ċuid glinneaṁna, pé h-é ṫú féin?" "Iṙ cuma ḋuit cé h-é mé, aċ ḃéaṙṙad an oiṙead aiṙgid duit anoiṙ agus ċeannóċaiḋ an oiṙead leaṫaiṙ agus ċoimeádṙaiḋ ag obaiṙ ṫú go ceann trí mbliaḋan ndéag, aṙ an gcoinġill ṙeo—go dtiocṙaiṙ liom an uaiṙ ṙin." "Agus má ṙéiḋtiġim leat, cá raġ-aimíd an uaiṙ ṙin?" "Cá beag duit an ċeiṙt ṙin do ċuṙ nuaiṙ a ḃeiḋ an leaṫaṙ íoġṫe ⁊ beimíd ag gluaiṙ-eaċt?" "Táiṙ géaṙ-ċúṙeaċ. Bíoḋ agat. Feiceam an t-aiṙgead." "Táiṙ-ṙe géaṙ-ċúṙeaċ. Féaċ!"—do ċuiṙ ṙé a láṁ 'na ṙóca ⁊ ṫaṙṙaing ṙé amaċ ṙṙaṙán móṙ agus aṙ an ṙṙaṙán do leig ṙé amaċ aṙ a ḃaiṙ caṙn beag d'óṙ ḃṙeáġ buiḋe.

An t-Aṫaiṙ Peadaṙ.

110.

Dá mbeaḋ éinne ag teaṗtáil óm ṁáṫair le* dul go dtí Baile an Ṁuilinn . . . . a d'iarraiḋ leaṫ-ċloċ (31) ṗalainn an lá a ḃeaḋ sí ag cur ime ar ṗalann, níorḃ' ḟearr liom gnó a ḃeaḋ agam ná ḃeiṫ im ṫeaċt-aire ⁊ geallaim ḋíḃ ná bíoḋ aon deaḃaḋ aḃaile orm.

Maidin earraig nó raṁraiḋ, nuair a ḃíoḋ go gnóṫaċ ag cur síl ⁊ ag tréaḃaḋ ⁊ ag ṗuirreaḋ b'ḟéidir go gcuirfí mise go dtí an ċeardċain leis an gcapall . . . . ḃíoḋ súil ag m'aṫair liom aḃaile i gcionn uaire an ċluig nó mar sin. Dá ḃfeicfinn-se éinne eile ar an mbóṫar ag tarraċ ċun na ceardċan níor ḃaoġal go mbeinn-se roiṁe. Ní raiḃ éinníḋ do b'ḟearr liom ná ḃeiṫ ag féideaḋ na mbolg do'n ngaḃa ⁊ ag éisteaċt leis féin ⁊ na fir eile ag cainnt ⁊ ag cur an traoġail tré 'na ċéile. "Cad a ċoinnib ċoṁ fada ṫu?" adéarfaḋ m'aṫair liom. "Ó! bí sé seo nó é súd † roṁam ⁊ bí mórán le déanaṁ aige."

Beirt Ḟear.

111.

Do ḋein Móirín ċoṁ maiṫ ⁊ tamall far a dtáinig sí 'na raḋaire, bí súil i n-áirde ar gaċ éinne, féaċaint an dtiocfaḋ an ḃean uasal a bí ann an Saṫairn roime sin. . . . Ba ġairid dóib go ḃfeacadar ċúċa, ag déanaṁ ar an ngeata . . . . bean uasal an tSaṫairn roime sin ⁊ do ṫug sí súrsa páirc an aonaiġ isteaċ. . . . . Nuair a bí sí ag déanaṁ ar an ngeata ṫar n-air . . . do ḋein an duine uasal ós an deiṫneas ba ṁó d'ḟéad sé, ċun teaċt suas léi, ċun aiṫne níor ḟearr

* *or* ċun.

† Note this as a good example of the uses of *conjunctive* and *disjunctive* pronouns. Gram. § 209.

a ċur uirṫi,* aċ ba ḃeag an ċaḃair do é: ní raiḃ aon ḟaġáil aige air ṫeaċt ruar léi.

Ṫáinig Móirín aḃaile ⁊ ba ġairid an ṁoill uirṫi é, mar † ḃí toġa na córaċ aici ċuige.* Do ḃí (a ṁáṫair) roimpi ⁊ do ṫóg sí léiṫi an capall ⁊ an ċulaiṫ éadaiġ mar a ḋein an Saṫarn roiṁe sin. Dubairt sí le Móirín gan aon níḋ leigeant uirṫi aċ comáint léi ag déanaṁ a gnóṫa ⁊ dul ṡé n-a déin féin amír dé h-Aoine a ḃí ċúċa.

Conċubar Ó Dearṁuṁna.

112.

Ní raiḃ de ċloinn ag Taḋg Gaḃa aċ aon inġean amáin. Ní raiḃ sí aċt 'na gearraċaile ag dul ar scoil nuair do ḃí Eoġan 'na ṗrintíseaċ ag á h-aṫair. Ḃí sí ana-ċeanaṁail ar Eoġan ⁊ niorḃ aon iongnaḋ é. Buaċaill gráḋṁar, subáilceaċ do ḃí ann;‡ níorḃ 'ḟearr leis ḃeiṫ 'mearg buaċaillí eile mar é féin ná ḃeiṫ i lár sgata páirdí ⁊ gleo aca do ċuirfeaḋ allaiḋir oirt. Mar ġeall air seo, ní raiḃ leanḃ sa ḃaile gan ḃeiṫ ceanaṁail ar an ngaḃa§ óg, ⁊ ḃíodar go léir go h-an-uaigneaċ nuair d'ḟág sé Taḋg Ua Briain. Ba ṁó an t-uaigneas do ḃí ar Neillí ḃig an ġaḃa ná ar éinne eile nuair d'imṫiġ Eoġan ⁊ ċaoin†† sí go fuiġeaċ 'na ḋiaiḋ.

Beirt ḟear.

* It is not a matter of much consequence whether these clauses follow the order given in the English or not. The Irish follows the more natural order.

† If this clause is inverted use ó for mar.

‡ *or* do b'eaḋ é.

§ *or* gaḃainn. Gaḃa is generally uninflected in singular in Munster.

†† *or* ġoil.

113.

